# F



12 - Ag déanamh leabhair
13 - Á chur ar fad le chéile
14 - Ag nascadh

# Clár

| | |
|---|---|
| Cad mar gheall ar roinnt leabhar a dhéanamh? | 2-2a |
| Ag déanamh leabhar | 3 |
| Leabhar téama nó crota | 4 |
| Leabhar gearrthóg | 5 |
| 'Ardaigh an duille' | 6 |
| Leabhar zigzag | 7 |
| Ag déanamh leabhar sa mbaile | 8 |
| Áit mhaith chun foghlama | 9 |
| Ag foghlaim ón imirt | 10 |
| Cad atá ar fáil duit? | 11 |
| Measúnú an ar gcúrsa | 12-13 |



# Cad mar gheall ar roinnt leabhar a dhéanamh?

De réir mar a thagann páistí i dtaithí ar leabhair agus ar scéalta dhaoine eile, b'fhéidir go dteastóidh uatha tosnú ag taifeadadh a gcuid smaointe nó scéalta féin. Is céim nádúrtha eile chun cinn é, tar éis na scéalaíochta, go ndéanfaí a leabhar féin leo agus is slí ana-thaitneamhach é chun cabhrú le páistí foghlaim i dtaobh leabhar.

Is féidir leabhar a dhéanamh do pháiste ag aon aois.

Is féidir leabhar a dhéanamh i dtaobh rudaí go bhfuil a fhios agat go mbeidh suim ag do pháiste iontu, mar shampla:

- scéal i dtaobh turais teaghlaigh,
- leabhar i dtaobh 'Mé Féin', le pictiúirí agus líníochtaí i dtaobh do pháiste,
- leabhar i dtaobh pheata an teaghlaigh,
- leabhar ríme,
- scéalta i dtaobh ball eile den teaghlach,
- leabhair shaoire - Nollaig, An Cháisc, Mí na Samhna,
- leabhar lae breithe,
- leabhar i dtaobh dul go dtí naíonra nó an scoil,
- leabhar i dtaobh turais ar an bhfiaclóir nó an dochtúir.

Má bhíonn do pháiste páirteach i leabhar a dhéanamh, foghlaimeoidh sí a lán rudaí i dtaobh mar a 'oibríonn' leabhar. Foghlaimeoidh sí:

- go bhfuil leathanach clúdaigh ag leabhar ar a bhfuil teideal;
- go ndeireann an teideal leat cad féna bhfuil an leabhar;
- go gcuireann an leabhar smaointe dhuine éigin eile in iúl;
- go bhfuil tosach, lár agus deireadh leis an leabhar;
- go n-oibrítear na leathanaigh ó chlé go deas.

# Cad mar gheall ar roinnt leabhar a dhéanamh?

Cuireann déantús leabhar sa mbaile deiseanna ar fáil, leis, chun foghlaim i dtaobh scríbhneoireachta agus uimhreacha. D'fhéadfá do pháiste a spreagadh le:

- cabhrú leat na focail a scríobh;
- le pictiúirí a tharraingt de na focail
- cabhrú le pictiúirí a ghearradh amach chun iad a ghreamú de na leathanaigh;
- cabhrú le pictiúirí agus rudaí eile a chur ar leathanach;
- cabhrú le dearadh do leabhar a ghearradh amach;
- féach chuige go bhfuil uimhreacha san áireamh in a lán teachtaireachtaí téacsa.

**Thar aon rud eile, spreagfaidh sé féinmhuinín do pháiste go bhfeicfeadh sí a cuid smaointe agus eachtraí féin i bhfoirm leabhair, go háirithe má thugann baill eile den teaghlach moladh agus spreagadh di!**

# Ag déanamh leabhar

Is slí iontach é seo chun suim do linbh a spreagadh i léamh agus scríobh. Ní theastaíonn buanna speisialta ná samhlaíocht den scoth uait, díreach smaoinigh ar na rudaí a bhfuil spéis ag do pháiste féin iontu. Is féidir leat leabhar a dhéanamh dod pháiste nó le do pháiste. Pé acu a dhéanann tú, beidh áthas an domhain ar do pháiste go bhfuil a cuid focal féin agus a cuid eachtraí laethúla tábhachtach go leor le go bhfoilseofaí iad!


Tá go leor smaointe ann maidir le leabhar a dhéanamh. Seo roinnt moltaí do:

- leabhair ar théama
- leabhair chrotanna
- leabhar gearrthóg
- leabhair ina n-ardaítear duille
- leabhair zigzag

Chun an toradh is fearr a fháil as na leabhair seo, tosnaíonn tú le bunchrot an leabhair.

**Bunchrot an Leabhair**

- Cuir roinnt mhaith leathanaigh pháipéir anuas ar a chéile.
- Fill ina leath iad.
- Ceangail an taobh fillte le stápla, nó cuir poill tríothu agus ceangail le ribín nó le holann chun an leabhar a choimeád le chéile.



# Leabhar téama nó crota


Tosnaigh le **bunchrot an leabhair**.

Ansan, beartaigh cad féna mbeidh an leabhar.

An maith le do pháiste gluaisteáin? Déan leabhar mar gheall ar ghluaisteáin agus gearr i gcrot gluaisteáin é.

An raibh tú ar thuras cois farraige le déanaí? Déan leabhar mar gheall ar an turas agus gearr an leabhar i gcrot éisc.

Cad mar gheall ar leabhar dar teideal 'Ár dTigh'? D'fhéadfá an leabhar a ghearradh i gcrot tí. D'fhéadfadh do pháiste cabhrú leat tré na spásanna do na fuinneoga agus na doirse a líonadh le héadach daite. Don taobh istigh, gearr amach pictiúirí de throscán, bia, bréagáin, srl. ó irisí.



# Leabhar gearrthóg

Tosnaigh le **bunchrot an leabhair**.

Roghnaigh smaoineamh ar nós 'na rudaí a thaitníonn liom', 'mo theaghlach', 'an áit ina gcónaím', 'ainmhithe', nó 'bréagáin'. Níl aon teora leis na smaointe.


Gearr amach pictiúirí ó irisí nó ó chatalóga, nó bain úsáid as grianghrafanna agus greamaigh iad isteach sa leabhar gearrthóg chun na pictiúirí a dhéanamh.

Má tá tú ag déanamh an leabhair ghearrthóige le do pháiste, lig dó féin na pictiúirí a ghreamú isteach ann. Bí ag caint mar gheall ar na pictiúirí agus é á ngreamú isteach.

Nuair a bhíonn do pháiste críochnaithe, fiafraigh de cad ba mhaith leat a scríobhfadh sé fé gach pictiúr. Léigh a chuid focal nó abairtí thar n-ais chuige.

Maisigh an clúdach le páipéar falla nó le páipéar lonrach daite, nó lig dod pháiste pictiúr a tharraingt. Bíodh cuma tharraingtheach ar an leabhar.

Déan dhá pholl sa taobh agus déan ribín nó olann a fhí isteach is amach tríd na poill chun ceangal maisithe a chur air.



# 'Ardaigh an duille'

Is féidir leat aon chrot is maith leat a dhéanamh chun leabhar mar seo a dhéanamh.

Is féidir leat aon smaoineamh is maith leat a úsáid chun leabhar mar seo a dhéanamh.

Chun leabhar mar seo a dhéanamh is féidir cuid den bpictiúr, nó cuid den téacs a chur i bhfolach fé dhuille gur féidir é a ardach (cearnóg d'éadach nó de pháipéar).

B'fhéidir gur mhaith leat leabhar a dhéanamh i dtaobh lae i saol do pháiste agus pictiúr de cheann dá rogha bréagán a chur i bhfolach fé dhuille ar gach leathanach.

B'fhéidir go gclúdófá focail áirithe le duille beag. Tarraing nó greamaigh pictiúr den bhfocal atá i bhfolach ar an duille. Beidh do pháiste ábalta an focal a thomhas ón bpictiúr agus ansan an duille a ardach chun an cló a léamh.



# Leabhar zigzag


Tosnaigh le stiall fhada pháipéir.

Fill an stiall ar dtúis i dtreo amháin agus ansan sa treo eile (ar nós cairdín) go dtí go sroicheann tú deireadh na stéille.

Is féidir leat do leabhar zigzag a dhéanamh ana-shimplí tré litir amháin a chur ar gach painéal chun focal amháin a litriú nó chun ainm do pháiste a litriú.

D'fhéadfá, leis, leabhar scéalaíochta a dhéanamh de do leabhar zigzag, tré chúpla abairt a scríobh ar gach painéal.

Léirigh do leabhar tré phictiúirí ó irisí nó líníochtaí a chur ar gach painéal.



# Ag déanamh leabhar sa mbaile

Cathain agus cén áit a dhein tú do leabhar?

Cad a thaitin le do pháiste i dtaobh an leabhair?


Cad a bhí le rá ag baill eile den teaghlach i dtaobh an leabhair?

Cén saghas leabhar eile a thaitníonn le do pháiste?

# Áit mhaith chun foghlama

Nuair a bhraitheann leanbh compoirdeach agus sábháilte ina timpeallacht, bíonn níos mó misnigh aici i dtaobh triail a bhaint as rudaí nua. Bíonn leanbh ar a suaimhneas agus sásta foghlaim:

**Nuair a bhíonn a fhios aici cá bhfuil sí.**



**Nuair a bhíonn aithne aici ar na daoine a bhíonn léi.**



**Nuair a bhíonn a fhios aici cad atá ag tarlú.**



**Nuair a bhíonn a fhios aici cad lena mbítear ag súil uaithi.**



# Ag foghlaim ón imirt

An maith le do pháiste cluichí dúmasacha a imirt?

Cad féna mbíonn na cluichí seo?

An bhfuil cluiche ar leith a thaitníonn le do pháiste agus a imríonn sí go minic?

An úsáideann sí tacaí ar nós bréagán nó an ngléasann sí suas in éide?

An mbíonn páistí eile páirteach?

An mbíonn léamh, scríobh nó gníomhaíochtaí mata mar chuid de na cluichí seo? An féidir leat samplaí a thabhairt?

# Cad atá ar fáil duit?

Cad iad na hacmhainní atá ar fáil i measc an phobail?

Cá bhfaighfeá:

**Seirbhísí tacaíochta teaghlaigh**

- áiseanna créche?
- áiseanna cúraim linbh?
- grúpaí tuismitheoirí/naíonáin?
- seirbhísí réamhscoile?
- cúrsaí tuismitheoireachta?
- clubanna óige?

**Seirbhísí na mBord Sláinte**

- an ospidéal áitiúil?
- seirbhísí meabharshláinte?
- cúrsaí oideachais sláinte, m.sh. cúrsa ar láimhseáil struis nó cúrsa garchabhrach?

**Comhairle i dtaobh Airgid**

- oifigí leasa shóisialaigh?
- Seirbhís Chomhairleoireachta Airgid agus Buiséid?
- do Chomhar Creidmheasa áitiúil?

**Comhairle Dlí**

- saorchomhairle dlí?
- seirbhísí idirghabhála don teaghlach?

**Tacaíocht Oideachais agus Seirbhísí**

- comhairleoir gairmthreorach?
- ranganna oideachais d'aosaigh?
- síceolaí oideachasúil?
- bunscoileanna áitiúla?
- meánscoileanna áitiúla?

**Seirbhísí fostaíochta**

- Jabchlubanna?
- Ionad Acmhainne Dífhostaíochta?
- Oifigí FÁS?
- Seirbhísí Áitiúla Fostaíochta?
- oifigí ceardchumainn?

# Measúnú an ar gcúrsa

1. Cad é do mheas ar an gclár tríd is tríd?

   Chabhraigh sé go mór ____________________

   Chabhraigh sé roinnt ____________________

   Níor chabhraigh sé ____________________

2. Ar chabhraigh an cúrsa leat do chuid aidhmeanna foghlama a bhaint amach?

   Chabhraigh ____________________

   Níor chabhraigh ____________________

3. An bhfuil rudaí foghlamtha agat a chabhraigh leat cabhrú le do pháiste le léamh, scríobh agus mata?

   Tá ____________________

   Níl ____________________

4. Ar chabhraigh an cúrsa le haon pháiste eile sa teaghlach le léamh, scríobh agus mata?

   Chabhraigh ____________________

   Níor chabhraigh ____________________

5. Cad a shíl tú d'eagrú an chúrsa?

   Ar fheabhas ____________________

   An-mhaith ____________________

   Cuíosach ____________________

   Bocht ____________________

6. An raibh an t-ionad inar reachtáladh an cúrsa sásúil?

   Bhí ____________________

   Ní raibh ____________________

# Measúnú ar an gcúrsa

7. An raibh amchlár an chúrsa sásúil?

   Bhí ____________________

   Ní raibh ____________________

8. Ar chuir na háisitheoirí ar do chompórd tú ar an gcúrsa?

   Chuir ____________________

   Níor chuir ____________________

9. Ar chabhraigh na háisitheoirí leat?

   Chabhraigh ____________________

   Níor chabhraigh ____________________

10. An bhfuil rudaí foghlamtha agat ó thuismitheoirí eile sa ghrúpa?

    Tá ____________________

    Níl ____________________

11. An molfá an cúrsa seo do thuismitheoirí eile?

    Mholfainn ____________________

    Ní mholfainn ____________________

12. Aon tuairimí eile? ________________________________________



## Canúint na Mumhan

Tionscnamh Foghlama Teaghlaigh an Chláir,
Lárionad Oideachais Aosaigh agus Phobail,
Páirc Ghnó Clonroad, Inis, Co. an Chláir.
Teil. (065) 6824819

Breacadh
NDP
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta | Department of Education and Science